

Cáca Milis – Achoimre.

Tháinig bean óg go dtí an stáisiún traenach sa charr lena máthair. Bhí ar an seanbhean dul go dtí an leithreas, ach dúradh léi fanacht go dtí go dtiocfadh a hiníon eile. Nuair a tháinig sí, d'imigh an bhean óg isteach sa stáisiún.

Agus í ag léamh ar an traein, chonaic sí fear dall ag teacht. Shuigh sé síos os a comhair agus mála donn ina láimh aige. Bhí sé ag cur isteach ar an bhean mar bhí sé ag scuabáil na gcos faoin tábla. D'úsáid an fear ionanálaitheoir mar bhí asma air. Thóg sé cáca milis amach as an mhála. Ba mhaith leis cupán caife a ól leis. D'iarr sé ar an bhean cupán caife a fháil dó, ach ní raibh sí sásta cuidiú leis. Bhí an fear ag dul ar saoire go carbhán a mháthar cois farraige. Chuir sé ceist ar an bhean faoin leabhar a bhí aici, agus dúirt sí gur scéal grá a bhí ann.

Mhínigh sé di go raibh an t-asma go holc air ó bhí sé óg. Bhí sé ar an raidió fiú á phlé! Ní raibh an bhean ag iarraidh labhairt leis, agus dúirt sí leis gur mhaith léi a leabhar a léamh. Ach lean sé ag caint léi. Arís, thug sé cic don bhean faoin tábla. Dúirt sé go raibh eolas an bhealaigh aige ó bhí sé ina ghasúr. D'iarr sé ar an bhean ceist a chur air faoin a raibh lasmuigh den fhuinneog. D'inis sé di go raibh bá agus abhainn le feiceáil.

Faoin am seo, bhí sí dúdóite leis, agus shocraigh sí ar bhob a bhualadh air. Lig sí air go raibh loch mór agus báid le feiceáil taobh amuigh. Bhain sin geit as an fhear, agus d'úsáid sé a ionanálaitheoir arís. Tháinig an freastalaí leis an chaife. D'iarr sé ar an bhean an siúcra a chur sa chaife dó, ach níor chuidigh sí leis. Thosaigh sé ag ithe an cháca ar nós muice, agus shlog sé an caife. Thairg sé píosa cáca di, agus níor thóg sí é.

Ansin dúirt sí leis go raibh péist sa cháca. Dúirt sí go raibh an phéist bándearg, agus gur chosúil gur ith sé píosa de. Chuir sin scanradh agus líonrith ar an fhear bocht. Ba léir go raibh taom asma air. Bhog an bhean an t-ionanálaitheoir, ionas nach raibh sé ábalta teacht air. D'fhéach sí air gan trua nuair a thit sé i laige sa suíochán. Fuair sé bás. Nuair a stop an traein, d'imigh an bhean gan stró ar bith uirthi.